

MAIDIR LE HIARRATAS CHUIG

AN MBORD PLEANÁLA

AR FHAOMHADH (I) CHUARBHÓTHAR N6 CHATHAIR NA
GAILLIMHE DE BHUN ALT 51 D'ACHT NA MBÓITHRE 1993
(ARNA LEASÚ); (II) SCÉIM MÓTARBHEALAIGH
CHUARBHÓTHAR N6 CHATHAIR NA GAILLIMHE 2018; agus
(III) SCÉIM BHÓTHAIR CHOSANTA CHUARBHÓTHAR N6
CHATHAIR NA GAILLIMHE

ABP Uimhir Thagartha ABP-302848-18 and ABP-
302885-18

ÉISTEACHT Ó BHÉAL

RÁITEAS Fianaise

Freagraí ar an Daonra

(Daoine/Socheacnamaíocht)

Agóid/Aighneachtaí

le

Craig Bullock (PhD)

Optimize

20 Feabhra 2020

1 Cáilíochtaí agus Taithí

- 1.1. Is mise Craig Bullock. Áirítear i measc mo cháilíochtaí PhD san Eacnamaíocht Timpeallachta agus Diplóma sa Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. D'oibrigh mé ar feadh 20 bliain ag déanamh measúnú ar thionchar socheacnamaíoch fhorbairtí bonneagair ar mhaithe leis an measúnacht tionchair timpeallachta. Chuir mé thart ar 40 measúnú dá leithéid i gcrích. Is minic a bhíonn mé ag obair ar réimse cineálacha eile tionscadail dá dteastaíonn anailís eacnamaíoch, shocheacnamaíoch agus timpeallachta agus is féidir teacht ar liosta den obair is déanaí liom ar www.optimize.ie.

2 An Ról atá agam maidir leis an bhForbairt Bóthair atá Beartaithe

- 2.1 D'ullmhaigh mé an chuid “Daoine agus Daonra” i gCaibidil 18, “Daoine, Daonra agus Sláinte an Duine” in Imleabhar 2 den Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (TMTT) don fhorbairt bóthair atá beartaithe agus mar chuid den obair seo, d'oibrigh mé go dlúth le comhghleacaithe ó dhisciplíní eile mar sláinte an duine. Táim ag obair ar an tionscadal ó 2014 i leith, ag tabhairt faoi staidéar srianta agus faoi mheasúnú roghanna agus ag déanamh eolais do dhearadh na forbartha bóthair atá beartaithe.

3 Príomhfhadhbanna i dtaca le Daoine (Daonra)

- 3.1 Ní mór glacadh le Caibidil 18 de TMTT mar a léifear ina hiomláine í agus ní a macasamhail atá anseo. Ar mhaithe le cabhrú leis an mBord agus é ag plé na n-iarratas atá le faomhadh, ar mhaithe le héascaíocht na rannpháirtithe ar fad i láthair ag an éisteacht seo agus ar mhaithe leis an gcomhthéacs maidir le freagairt don agóid agus do na haighneachtaí a leagan amach, déantar achoimre ghearr thíos ar na príomhnithe a bhaineann le measúnacht daoine agus daonra na forbartha bóthair atá beartaithe, a ndéantar cur síos i gCaibidil 18 de TMTT uirthi.
- 3.2 Tugtar faoin Measúnacht Tionchair Daoine ag leibhéal an phobail seachas do dhaoine aonair nó do shaintréithe inaitheanta. Tugann an mheasúnacht aghaidh go sonrach ar iarmhairtí ar phatrúin turais agus ar thréimhsí turais, ar thaitneamhacht turais (d'úsáideoirí feithicle agus iompair phoiblí, do choisithe agus do rothaithe), ar thaitneamhacht agus deighilt phobail, agus ar an eacnamaíocht agus an fhostaíocht. Déantar achoimre ar iarmhairtí gach leibhéil shuntasaigh i dTáblaí 18.14 agus 18.15 de Chaibidil 18 de TMTT. Rachaidh mo chomhghleacaí, an Dochtúir Martin Hogan, i ngleic le réimse na n-iarmhairtí ar Shláinte an Duine ina ráiteas fianaise féin.
- 3.3 Tá an fhorbairt bóthair atá beartaithe 17.6km ar fad agus cuimsíonn sé bealach thimpeall ar an imeall thuaidh de Chathair na Gaillimhe, ag tosú díreach taobh

thiar de bhaile Bhearna ar an R336 san iarthar agus ag teacht le chéile leis an N6 atá ann cheana ag Cúil Each, Cnoc Mhaoil Drise. Téann an bealach trí phobail Bhearna, na bhForaí Maola, Throscaigh, na Cloiche Scoilte, na Ceapaí, Bhaile an Mhóinín, an Chaoráin, na Páirce Móire, Dhabhach Uisce agus Chúil Each, Cnoc Mhaoil Drise. Téann sé trí cheantair thuaithe agus leathuirbeacha den chuid is mó ach tá ceantair forbartha uirbí agus tionsclaíche san áireamh freisin, e.g. ag Cnoc Mhaoil Drise, mar aon le forbairt cónaithe tithé aonair agus líneach. Bíonn líon mór tráchta ar go leor bóithre atá ag dul isteach sa chathair, lena n-áirítear trácht réigiúnach agus chomaitéireachta. Tugtar cur síos iomlán ar an timpeallacht ghlactha in Alt 18.3 i gCaibidil 18 den TMTT.

3.4 Nuair a chuirfear i gcrích í, bainfidh dea-thionchar suntasach leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe ó thaobh patrúin turais de, lena n-áirítear ceangal níos fearr idir bunúis agus cinn scríbe turas. Is fearr a scaipfidh sí an trácht a thagann isteach sa chathair faoi láthair trí bhóithre gathacha agus a chuireann le mórbhrú tráchta. Fágfaidh sí go mbeifear in ann cuid den trácht a aistriú amach ó na bóithre atá ann cheana, go háirithe an chuid uirbeach den N6 a n-eascraíonn brú tráchta, moilleanna agus deighilt phobail go minic as an trácht throm ann. Baileoidh agus aistroidh sí ón gcathair freisin trácht atá ag déanamh turas réigiúnach ón oirthear, ón deisceart ná ón tuaisceart agus a bhfuil ceann scríbe i suíomhanna i Réigiún an Iarthair aici. Ach cuid den trácht ó shuíomhanna i lár na cathrach a aistriú go dtí an fhorbairt bóthair nua, feabhsófar sruth tráchta, inrochtaineacht agus tréimhsí turais, agus cuirfear deiseanna ar fáil chun níos lú deighilte pobail a bhaint amach chomh maith le háiseanna níos fearr do choisithe agus rothaithe. Fágfaidh sé seo go mbeifear in ann an oiread leasa agus is féidir a bhaint as Straitéis Iompair na Gaillimhe, amhail feabhsúcháin ar an iompar poiblí agus ar áiseanna do choisithe agus rothaithe. Go bunúsach, beidh dea-thionchar suntasach aici ar shaintréithe turas agus ar thaitneamhacht turas do gach úsáideoir bóithre. Chomh maith leis sin, áirítear áiseanna nua do choisithe agus rothaithe sa dearadh féin den fhorbairt bóthair atá beartaithe. Tacóidh ceangal níos fearr agus gluaiseacht tráchta níos saoire, dá réir sin, le forbairt nua chónaithe sa chathair agus bheadh dea-thionchar eacnamaíoch acu ar Ghailimh, rud a thabharfadh deis don chathair leanúint ar aghaidh ag mealladh infheistíochta agus fostaíochta. Cuirfidh inrochtaineacht níos fearr i dtreo iarthar na cathrach deis ar fáil chun forbairt inbhuanaithe eacnamaíoch a dhéanamh i gceantar Ghaeltacht Chonamara freisin.

3.5 Is iondúil go dtugtar iarmhairtí diúltacha faoi deara nuair a théann an fhorbairt bóthair atá beartaithe gar do nó trí cheantair chónaithe nó nuair a thrasnaíonn sí an gréasán bóithre atá ann cheana nó cearta slí. Baineann na hiarmhairtí diúltacha, iarmharacha is suntasaí le pobail a bhfuil leagan mí-ámharach 44 áitreabh agus ceannach 10 n-áitreabh ag baint leo agus baineann siad le taitneamhacht ghinearálta agus pobail a dheighilt. Eascraíonn líon ard na dtithe a bheidh buailte as dáileadh forbartha cónaithe mar atá agus as an deacracht a bhain le bealach sásúil a aithint le linn an phróisis Roghnaithe Bealaigh a d'fhreastalódh ar riachtanais iompair na cathrach gan aon tionchar a bheith aige ar dhaoine nó ar an oidhreacht nádúrtha. Beidh tionchar suntasach, nó thar a bheith suntasach, ag

leagan agus ceannach na n-áitreabh seo ar úinéirí tí nó orthu sin atá ag cur fúthu sna tithe seo, rud a dtabharfaidh mo chomhghleacaí, an Dochtúir Martin Hogan, aghaidh air ina ráiteas fianaise féin. Tá iarmhairtí diúltacha, iarmharacha, suntasacha ann i gcás roinnt pobal a dtéann an leagan agus an ceannach atá beartaithe i bhfeidhm orthu. Baineann na hiarmhairtí seo le hathruithe iarmharacha ar thaitneamhacht chónaithe ghinearálta. Is fadhb mhór í seo a dtugtar aghaidh uirthi sa fhreagra ar aighneachtaí áirithe in Alt 4 thíos.

- 3.6 Anuas ar na hiarmhairtí se ar réadmhaoín chónaithe, leagfar dhá réadmhaoín thionsclaíocha (tá ceithre fhoirgneamh i gceist le ceann acu sin) agus dhá réadmhaoín tráchtála. Ceannófar réadmhaoín tráchtála amháin ina hiomláine chomh maith le gabháltas amháin a bhfuil lánchead pleanála d'fhorbairt chónaithe aige. Roimh an maolú, beidh iarmhairtí suntasacha ag an tógáil ar roinnt gnólachtaí tráchtála amhail Campas Spóirt OÉ, Gaillimh, Ráschúrsa na Gaillimhe, Clada Group Ltd agus comhlachtaí a bhíonn ag díol carranna.
- 3.7 Le linn na céime oibríochtúla, déantar deighilt fhisiceach a sheachaint den chuid is mó, ach beidh deighilt chomharsanachta ann go pointe áirithe de bharr láithreach na forbartha bóthair atá beartaithe. Beidh faoiseamh suntasach ann, áfach, ó dheighilt phobail reatha i roinnt áiteanna, lena n-áirítear Bearna agus an Caisleán Gearr. Beidh roinnt iarmhairtí diúltacha iarmharacha ar thaitneamhacht ghinearálta sa dúiche thart ar Abhainn na Gaillimhe agus ar Champas Spóirt OÉ, Gaillimh.
- 3.8 Liostáiltear na bearta maolaithe i dTábla 18.14 i gCaibidil 18 den TMTT. Le linn na céime tógála, moltar bainistiú tráchta d'fhonn moilleanna agus deighilt phobail nó cur isteach ar rochtain a íoslaghdú. Teastaíonn comhairliúchán agus teagmháil le pobail áitiúla a dtéann oibreacha, lena n-áirítear leagan agus ceannach i bhfeidhm orthu. Déanfar oibreacha tógála ag Ráschúrsa na Gaillimhe de réir a chéile d'fhonn iarmhairtí ar imeachtaí rása a íoslaghdú.
- 3.9 Ní bheidh iarmhairtí iarmharacha ar shaintréithe turais le linn na tógála le feiceáil nó is beag a bheidh le feiceáil i bhformhór na gcásanna. Beidh iarmhairtí ginearálta, suntasacha ar Champas Spóirt OÉ Gaillimh de bharr oibreacha tógála droichid toisc nach mbeidh fáil ar roinnt páirceanna agus áiseanna mar aon le hiarmhairtí ar shiúlhbhealach Abhainn na Gaillimhe. Beidh iarmhairtí diúltacha, suntasacha ar thaitneamhacht chónaithe i bpobail a dtéann an leagan nó an ceannach i bhfeidhm orthu. Beidh cásanna ann freisin ina mbeidh iarmhairtí diúltacha iarmharacha ar thaitneamhacht chónaithe a dtugtar aghaidh go sonrath orthu sna caibidlí den TMTT a phléann torann, dusta agus tionchair amhairc. Beidh tionchar, idir bheag agus suntasach, ar roinnt gnólachtaí aonair de bharr na n-iarmhairtí céanna agus de bharr socruithe sealadacha rochtana.
- 3.10 Tar éis na tógála, soláthraíodh maolú a bhuíochas do háiseanna do choisithe agus do rothaithe i suíomhanna éagsúla, lena n-áirítear na hacomhail ar fad idir an fhorbairt bóthair atá beartaithe agus príomhbhóithre nó mionbhóithre. Áiríodh cosáin feadh Bhóthar Ceangail an N59 mar aon le háiseanna do choisithe agus do rothaithe feadh Bhóthar Ceangail na Páirce Móire. Tugtar líníochtaí

mionsonraithe a léiríonn na háiseanna cosáin agus rothaíochta atá beartaithe i bhFoscábhinn A.1.13 den Fhreagra ar Iarratas ar Fhaisnéis Bhreise (IFB).

- 3.11 Le linn an oibriúcháin, beidh iarmhairtí, idir iarmharach agus suntasach, ar thaitneamhacht ghinearálta i roinnt áiteanna de bharr torann tráchta nó tionchair amhairc, agus ar úsáid thaitneamhacht Champas Spóirt OÉ, Gaillimh agus shiúlbealach Abhainn na Gaillimhe. Beidh iarmhairtí diúltacha, iarmharacha, idir bheag agus mheasartha, i gcultúr Bhearna toisc go bhféachfar ar dheighilt chomharsanachta mar thoradh ar láithreach na forbartha bóthair atá beartaithe agus ar ghluaiseacht tráchta.
- 3.12 Bheadh dea-thionchar carnach ag iarratas reatha OÉ ar chead pleanála (Tag. 19/373) chun páirceanna breise imeartha a thógáil ar dhaoine agus ar an tsocheacnamaíocht. Freisin, bhainfeadh dea-thionchar carnach leis an dá iarratas ar fhorbairt tithíochta straitéisí atá beartaithe, a bhain le tailte a bhain le (Ob_469 agus S_003).

4 Freagraí ar Aighneachtaí/Agóidí

4.1 Forléargas

4.1.1 As measc na 296 aighneacht a cuireadh faoi bhráid An Bhoird Pleanála (ABP) maidir le Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (TMTT) Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe (CCNG an N6), Ráiteas Tionchair Natura (RTN), Scéim an Mhótarbhealaigh (SM) agus an Scéim Bóthair Chosanta (SBC), áirítear i 109 ceann acu tuairimí a bhaineann le daoine agus leis an tsocheacnamaíocht. Áirítear i 9 gcinn den 17 n-aighneacht a cuireadh faoi bhráid ABP maidir leis an Iarratas ar Fhaisnéis Bhreise tuairimí a bhaineann le daoine agus leis an tsocheacnamaíocht. Liostáiltear na nithe a tháinig chun cinn thíos:

- Taitneamhacht:
 - Taitneamhacht chónaithe agus tionchar ar chomharsana de bharr cheannach tithé
 - Taitneamhacht áineasa – cailliúint spáis oscailte agus tionchar ar Champas Spóirt OÉ Gaillimh agus ar Abhainn na Gaillimhe
 - Rochtain ar spás oscailte
- Deighilt phobail:
 - Iarmhairtí de bharr láithreach na forbartha bóthair atá beartaithe
- Rochtain i ndiaidh tógála:
 - Rochtain ar Rosán Glas
 - Rochtain ag Gort na Bró
- Iarmhairtí ar fhiontair thráchtála
- Iarmhairtí féideartha ar luach réadmhaoine

- 4.1.2 Tacaíonn 15 aighneacht leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe agus creidtear iontu gur riachtanach í agus an chathair á forbairt mar ionad réigiúnach scála don Iarthar a chuireann timpeallacht ardchaighdeán ar fáil chun maireachtáil agus oibriú inti. Is riachtanach é caighdeán an cheangail fhisicigh i nGaillimh agus thart uirthi d'fhonn infheistíocht isteach agus fostaíocht a choinneáil agus a mhealladh. Beidh dea-thionchar aici, ní hamháin ar na seirbhísí iompair i nGaillimh, ach freisin ar tharraingteacht iarthar an chontae do ghnó, d'infheistíocht agus mar shuíomh turasóireachta, agus mar áit chónaithe chomh maith: S_005, S_014, S_025, S_026, S_033, S_034, S_035, S_047, S_050, S_052, S_054, S_064 S_072, S_073.1 agus S_073.2.
- 4.1.3 Ardaíonn 9 n-aighneacht ceist na hiompraíochta frithshóisialta nó ceisteanna slándála ag eascairt as gnéithe áirithe den dearadh, amhail caochshráideanna, tailte tírdhreachaithe etc.: Ob_136; Ob_134; Ob_204; Ob_216, Ob_261; Ob_484, Ob_486, Ob_531.01 agus S_008. Tugann Eileen McCarthy aghaidh air seo ina Ráiteas Fianaise.

4.2 Taitneamhacht Ghinearálta: cónaithe

Saincheist

- 4.2.1 Ardaíonn 8 n-aighneacht/n-agóid saincheist maidir leis an tionchar a bhainfidh le leagan 44 áitreabh agus ceannach 10 n-áitreabh. Glactar leis go mbeidh tionchar díobhálach ag an leagan agus an ceannach seo ar a bpobal agus go gcuirfeadh le *“briseadh suas pobail sheanbhuanaithe”* (Ob_228_229_540): Ob_158, Ob_220, Ob_228_229_540, Ob__O_517.11.02, Ob_521_O_517.14.02, Ob_666.1, Ob_630 agus S_004.
- 4.2.2 Tugtar le fios in dhá aighneacht/agóid, Ob_679 agus Ob_612 go mbuailfeadh na pobail Ghaeltachta i mBaile an Dúlaigh agus i gCeapach na Boirne toisc go gcaillfeadh tithe sna ceantair seo.
- 4.2.3 Maítear i 6 aighneacht/agóid go mbeidh tionchar aige seo ar a dtaitneamhacht chónaithe féin: Ob_135, Ob_531.01, Ob_666.1, S_008, S_029, S_059.

Freagra

- 4.2.4 Cuireann an fhorbairt bóthair atá beartaithe buntáistí níos leithne ar fáil do Ghaillimh agus dá chónaitheoirí, ach de bharr phatrún na forbartha tógtha agus chomh gar is atá an fhorbairt bóthair atá beartaithe do cheantair chónaithe, rud nach bhfuil aon neart air, ar an drochuair agus gan aon neart air, ní fhéadfar na buntáistí níos leithne a bhaint amach do Ghaillimh agus dá pobail gan roinnt réadmhaoine a leagan agus roinnt gnólachtaí a cheannach. Is é an trua gurb é toradh an phróisis seo go mbeidh gá 54 teach a leagan nó a cheannach, cé nár chuir ach 28 duine dóibh siúd a bhfuil a gcuid tithe le ceannach aighneacht/agóid faoi bhráid An Bhoird Pleanála. Tugann Eileen McCarthy aghaidh ar an tionchar a bhaineann le cailliúint shócmhainn ábhartha na dtithe seo ina Ráiteas Fianaise féin. Aithnítear gur rud an-suntasach a bheidh ann do go leor áititheoirí go

gcaillfidís a dtithe príobháideacha nó go gceannófaí iad agus tabharfaidh an Dochtúir Martin Hogan aghaidh ar iarmhairtí sláinte an phróisis strusmhair seo ina Ráiteas Fianaise féin.

- 4.2.5 Beidh iarmhairt iarmharach suntasach ann i gcás teaghlach agus pobal eile sa dúiche thimpeall ar an leagan seo. Áirítear iontu seo pobail sa dúiche thart ar Bhearna, na Foráí Maola, an Daingean/Páirc na dTor, Bóthar Áth Cinn, Ceapach na Boirne agus an Caisleán Gearr. Braithfidh a dhéine agus a bheidh an tionchar a bhainfidh leis an gceannach nó an leagan seo ag leibhéal an phobail ar a bhunaithe agus atá an pobal, ar na naisc idir teaghlaigh, ar an achar a bhfuil cónaí ag cónaitheoirí sa cheantar agus ar thréithe fisiceacha an tsuímh. Tugtar le fios i dTáblaí 18.14 agus 18.15 den TMTT go mbeidh an tionchar seo suntasach nó thar a bheith suntasach, mar shampla in Achadh an Churraigh agus Ard an Locha, ar eastáit ar leith iad ag Bóthar Áth Cinn, áit a gceannófar líon mór tithe, agus i measc phobail sheanbhunaithe an Chaisleáin Ghearr agus Cheapach na Boirne. Le himeacht ama, is dócha laghdófar an tionchar seo de réir mar a chruthófar naisc nua agus mar a aistreoidh daoine nua chuig an gceantar, ach aithnítear tionchar suntasach gearrthéarmach-meántéarmach. Soláthraíodh maolú nuair ba chúf i dtaca le tírdhreachú, trasrianta coisithe na forbartha bóthair atá beartaithe, nó trasrianta coisithe ag bóthair ghathacha atá ann faoi láthair, nach raibh trasrianta orthu roimhe seo.

4.3 Taitneamhacht Ghinearálta: Campas Spóirt OÉ, Gaillimh

Saincheist

- 4.3.1 Ardaítear saincheisteanna maidir le hiarmhairtí ar Champas Spóirt OÉ, Gaillimh le linn tógála mar aon le cailliúint páirceanna imeartha agus taitneamhachta poiblí in 18 n-aighneacht/n-agóid. Ardaítear saincheisteanna maidir le hiarmhairtí ar rochtain feadh Abhainn na Gaillimhe agus Ché Mhionlaigh le linn tógála i gcuid de na haighneachtaí seo freisin: Ob_228_229_540, Ob_510, Ob_O_511.06, Ob_O_517.11.1, Ob_523, Ob_531.2, Ob_534, S_004, S_010, S_016, S_022, S_024, S_027, S_045, S_048, S_049.1, S_049.2 agus S_068.

Freagra

- 4.3.2 Fágfaidh soláthar struchtúir tarbhealaigh ag Campas Spóirt OÉ, Gaillimh go mbeifear in ann teacht ar an gcuid thuaidh agus theas den Champas Spóirt agus ar Abhainn na Gaillimhe le linn na céime oibríochtúla, ag coinneáil ceangail agus tréscailteachta tríd an bhforbairt bóthair atá beartaithe. Aithnítear iarmhairt shuntasach taitneamhachta le linn tógála, áfach, toisc go mbeidh athruithe le déanamh ar an bpailliún spóirt agus toisc go gcaillfear dhá pháirc imeartha. Le linn na céime tógála, beidh an chuid lárnach den Champas Spóirt ina shuíomh tógála ar feadh thart ar 18 mí. Beifear in ann rochtain a fháil ar an suíomh ar fad, ach déanfar an rochtain a bhainistiú de bharr cúiseanna slándála. Déanfar trácht

tógála agus oibreacha do Dhroichead Abhainn na Gaillimhe a bhainistiú ionas go n-íoslaghdófar cur isteach ar ghníomhaíochtaí spóirt agus ar lucht féachana.

- 4.3.3 Le linn an oibriúcháin, ní bheidh aon deighilt ann don áis. Is é an rud is mó a mbeidh tionchar aige ar imreoirí agus ar lucht féachana trácht ar an droichead os a gcionn ach soláthrófar scagthástáil tráchta trí mheán an mhaolaithe. Beidh cailliúint taitneamhachta ginearálta i gceist ar an droichead, áfach, don iomaí duine a úsáideann siúlbealach Abhainn na Gaillimhe, ainneoin gur dearadh go stuama é, agus gur réise aonair le bacainní trédhearcacha torainn atá i gceist leis. D'fhéadfadh le daoine eile é a áireamh mar dhíol suntais, úsáideoirí na forbartha bóthair atá beartaithe ina measc.
- 4.3.4 Tá Cé Mhionlaigh scoite amach ón bhforbairt bóthair atá beartaithe agus ní bheidh aon tionchar air le linn tógála nó oibriúcháin.

4.4 Taitneamhacht Ghinearálta: rochtain ar spás oscailte

Saincheist

- 4.4.1 Beidh cailliúint taitneamhachta cónaithe i gceist d'úinéirí tí atá ina gcónaí gar don fhorbairt bóthair atá beartaithe. Tagraítear i roinnt aighneachtaí/agóidí do chailliúint taitneamhachta i gcás tailte tuaithe a chuireann radhairc ar fáil nó a mbíonn rochtain neamhfhoirmeálta ag cónaitheoirí orthu: Ob_155, Ob_158, Ob_228_229_540, Ob_584.2, S_010, S_022, S_049.1; S_024 agus S_027.
- 4.4.2 Baineann aighneachtaí ó cheantar an Daingin le cailliúint taitneamhachta ag tailte spóirt OÉ Gaillimh agus ag siúlbealach Abhainn na Gaillimhe a dtéitear i ngleic leo thuas.
- 4.4.3 Tagraítear in Ob_584.2 agus S_074 d'inrochtaineacht leanúnach an tSeanbhóthair agus an ghréasáin áitiúil bóithre do phobail Mhionlaigh, Chúil Each, Bhaile an Phoill agus Bhaile an Dúlaigh. Deirtear in Ob_584.2 freisin go gcuirfidh bóithre móra amhail an fhorbairt bóthair atá beartaithe i gcoinne an tsiúil agus na rothaíochta. Tagraítear in dhá aighneacht/agóid, Ob_158 agus Ob_228_229_540, do chailliúint rochtana neamhfhoirmeálta ar thalamh tuaithe agus ardaítear i gceann eile, Ob_220, ceist maidir leis an tionchar a bheadh i gceist i gcás taitneamhacht siúlóidí sábháilte, suaimhneacha.

Freagra

- 4.4.4 Tugann Thomas Burns aghaidh ar an gceist a bhaineann le cailliúint taitneamhachta cónaithe d'úinéirí tí atá ina gcónaí gar don fhorbairt bóthair atá beartaithe ina Ráiteas Fianaise maidir le Tírdhreach agus Amharc agus tugann Jennifer Harmon aghaidh uirthi freisin ina Ráiteas Fianaise maidir le Torann agus Creathadh. Beidh iarmhairt iarmharach, idir bheag agus mheasartha, ar thaitneamhacht siúil agus rothaíochta ar na bóithre atá ann cheana thart ar dhúiche na forbartha bóthair atá beartaithe sa chuid sin den limistéar staidéir atá siar ó Acomhal Leitrí agus i Mionlach, sa Chaisleán Gearr agus i gCúil Each de bharr

na deighilte bige seo sna háiteanna a n-úsáidtear mionbhóthar chun dul ag siúl, ag rothaíocht nó ag bogshodar ar son na taitneamhachta.

- 4.4.5 Baineann na tuairimí leis an iarmhairt ar dheighilt ón spás oscailte a úsáidtear ar mhaithe leis an taitneamhacht. I gceantar an Daingin/Achadh an Churraigh, déanfar an ceantar a mbeidh tionchar ag leagan tithe air a thírdhreachú agus cuirfear crainn ann agus beifear fós ábalta teacht ar Abhainn na Gaillimhe agus ar an gCampas Spóirt, lena n-áirítear i dtreo an deiscirt faoin tarbhealach atá beartaithe.
- 4.4.6 Cé go mbainfear úsáid as an mBóthar Nua agus an Seanbhóthar araon le linn thógáil tharbhealach Mhionlaigh, beidh an pobal i gcoitinne ábalta úsáid shábháilte a bhaint astu. Déanann an fhorbairt bóthair atá beartaithe droichead thar an dá bhóthar agus, mar sin, féadfaidh an pobal úsáid shábháilte a bhaint astu le linn na céime oibríochtúla freisin.
- 4.4.7 I mBaile na mBúrcach, trasnaíonn an fhorbairt bóthair atá beartaithe talamh tuaithe go dtí an t-iarthar, ach ag achar 500m ó Dhrisín (bóthar) agus gan aon deighilt i gceist do Bhóthar Bhaile an Mhóinín. Áiteanna eile, thar bhealach na forbartha bóthair atá beartaithe, déantar deighilt fhisiceach a sheachaint i gcás cosán a mbaintear úsáid astu go minic, seachas Bóithrín Uí Eidhin.

4.5 Deighilt Phobail

Saincheist

- 4.5.1 Tugtar ceist na deighilte pobail chun cinn i 17 n-aighneacht/n-agóid. Baineann na haighneachtaí seo le tuairimí faoi dheighilt chomharsanachta nó phobail de bharr comharsana a bheith scartha óna chéile nó cónaitheoirí ag mothú go bhfuil siad á scaradh ón bpobal a measann siad a bheith mar chuid de.
- 4.5.2 In 12 cheann de na haighneachtaí/agóidí, déantar tagairt don bhóthar a bheith ag déanamh dhá leath den phobal agus ag scaradh daoine óna gcomharsana agus ó áiseanna pobail i mBearna agus go mbeidh tionchar aige seo ar an nasc láidir pobail a d'fhás idir comharsana. Deirtear sna hagóidí go mbeidh tionchar aige seo ar an rochtain reatha atá acu ar áiseanna pobail: Ob_116.1, Ob_116.2, Ob_135, Ob_136, Ob_141.3, Ob_151, Ob_152, Ob_155, Ob_158, Ob_159, Ob_199, Ob_201, Ob_204, Ob_228_229_540.
- 4.5.3 Ardaítear in aighneacht/agóid amháin, Ob_654, ceist na deighilte pobail sa Chaisleán Gearr.
- 4.5.4 Maítear in aighneacht/agóid amháin, Ob_724, gur bacainn a bheidh san fhorbairt bóthair atá beartaithe a fhágfaidh go mbeidh sé deacair an pobal nua sna hArdáin a imeascadh le pobal Chathair na Gaillimhe atá ann cheana agus go bunúsach, go bhfágfaidh sé go ndéanfar lonnaíocht nua ar leith.
- 4.5.5 Maítear in aighneacht/agóid amháin, S_049, go scarfaidh Bóthar Ceangail an N59 atá beartaithe a bpobal i Rosán Glas. Tugtar aghaidh ar Rosán Glas in Alt 4.7 thíos.

- 4.5.6 Deirtear in dhá aighneachta/agóid, S_067 agus S_068, go gcruthóidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe deighilt i bpobal, pobal in Daingin.
- 4.5.7 Chomh maith leis na 17 n-aighneacht/n-agóid a ndéantar trácht orthu thuas, luann Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) ina haighneacht, S_078, gur tugadh aghaidh ar thionchar deighilte pobail i TMTT agus in áiteanna ar gá cosáin agus bealaí rochtana a dheighilt, go gcuirfear rochtain mhalartach ar fáil nuair is féidir.

Freagra

- 4.5.8 Tarlaíonn deighilt phobail nuair a scartar daoine ó áiseanna pobail, ó ionaid fostaíochta nó ó dheiseanna idirghníomhaithe sóisialta (e.g. le teaghlach nó comharsana). Le linn chéim oibríochtúil na forbartha bóthair atá beartaithe, beidh deighilt úr fhisiceach ar leith ann ag Bóthar an Dochtúir Ann Gibbons an L13215. Bíonn trácht ar an mbóthar seo an-bhog agus bíonn an chuid is mó de thurais ag dul ó dheas i dtreo áiseanna pobail i mBearna. Níl aon réadmhaoin ar an taobh thuaidh den phointe deighilte ar Bhóthar an Dochtúir Ann Gibbons san áit a dtrasnaíonn an fhorbairt bóthair atá beartaithe é agus níl ach réadmhaoin aonair, atá scaipthe go forleathan, ar Bhóthar Ceangail Bhearna/Mhaigh Cuilinn an L1321.
- 4.5.9 Soláthraíodh áiseanna feadh na forbartha bóthair atá beartaithe siar ó Acomhal Leitrí an N59 chun go mbeadh coisithe nó rothaithe in ann trasnú ag acomhail mharcáilte nó ag timpealláin idir an fhorbairt bóthair atá beartaithe agus an R336 nó bóthair áitiúla. Carrbhealach singil a bheidh san fhorbairt bóthair atá beartaithe don chuid seo agus tá céimeanna coisithe/rothaithe le bheith san áireamh ag an dá thrasrian marcáilte fad is a bheidh oileáin do choisithe ag an dá thimpeallán. In áiteanna eile, soir ó Acomhal Leitrí an N59 feadh na coda sin den fhorbairt bóthair atá beartaithe a bheidh ina mótarbhealach, soláthraítear cosáin do choisithe agus do rothaithe faoi nó thar dhroichid.
- 4.5.10 Baineann roinnt aighneachtaí le deighilt cuid de chúltír níos leithne ó chroí an phobail. Mar shampla, déantar trácht shonrach in aighneachtaí/agóidí Ob_116, Ob_155, Ob_158 agus Ob_201 ar Bhearna agus cuirtear síos ar an mbóthar mar bhóthar a bheadh “ag scaradh” nó “ag deighilt” pobail inar “fhás naisc láidre idir comharsana”. Maíonn na cásanna gurb ann do mhothú deighilte comharsanachta a thagann chun cinn nuair a scartar daoine ó dhaoine eile sa phobal de bharr rud a bheith i láthair, a bhféachtar air mar bhacainn, amhail bóthar.
- 4.5.11 Siar ó Acomhal Leitrí an N59, áfach, ní bheidh san fhorbairt bóthair atá beartaithe ach carrbhealach singil agus beidh líon measartha tráchta ann i gcomparáid leis an gcuid thoir den fhorbairt bóthair atá beartaithe. Feadh fhad na forbartha bóthair atá beartaithe, baineadh leas as comhairliúchán leis an bpobal i gcás dhearadh acomhal agus timpeallán, i gcás na n-áiseanna a bheidh ann do choisithe agus rothaithe. Tagraítear i dTábla 18.15 den TMTT do deighilt ‘mheasartha’ roimh an maolú ó thuaidh de Bhearna, ach ar dheighilt iarmharach ‘bheag’ tar éis na n-áiseanna seo a ionchorprú sa dearadh. Is go síceolaíoch a bheidh ann don deighilt iarmharach den chuid is mó, cuid di mar gheall ar thréithe an tírdhreacha nó mar gheall ar an áit a bhfuil an fhorbairt bóthair atá beartaithe ar thardhroichead.

- 4.5.12 Déantar deighilt fhisiceach a sheachaint sna Foráí Maola agus i dTroscaigh toisc go soláthraítear bóthar nua ceangail idir an dá phobal (a chuireann sampla faoisimh ar fáil ón deighilt). Aithnítear, áfach, nach mór do dhuine cor bealaigh suas le 600m a chur air féin chun an fhorbairt bóthair atá beartaithe a thrasnú ag baint úsáid as tardhroichead nua.
- 4.5.13 I mbaile Bhearna féin, beidh faoiseamh suntasach ó dheighilt ann nuair a laghdófar leibhéil tráchta faoi bhreis agus 75% i gcroílár an phobail, áit a bhfuil siopaí agus áiseanna áineasa lonnaithe. Feadh mionbhóthair chúnga, thimpeallacha i ndúiche an Chaisleáin Ghearr, déanfaidh an laghdú ar thrácht phobail a bhfuiltear ag súil leis deighilt chomharsanachta agus deighilt ó áiseanna pobail, amhail Scoil an Chaisleáin Ghearr, a laghdú. Soláthrófar trasrianta coisithe ar Bhóthar Áth Cinn an N84 agus ar Bhóthar Thuama an N83, a bhfuil sé dúshlánach nó dainséarach faoi láthair na bóithre seo a thrasnú gan a leithéid seo d'áiseanna. Rud an-tábhachtach is ea go mbeifear in ann líon suntasach tráchta ón gcathair, lena n-áirítear áiteanna feadh an N6 atá ann cheana a mbaineann deighilt shuntasach leo, a aistriú a bhuíochas don fhorbairt bóthair atá beartaithe. Cuirfidh sé seo deiseanna ar fáil chun áiseanna trasriain a chur ar fáil do choisithe agus do rothaithe, rud a laghdódh tuilleadh deighilte in go leor áiteanna.

4.6 Rochtain do phobail i ndiaidh na tógála

Rosán Glas

Saincheist

- 4.6.1 Ardaítear in 11 aighneacht/agóid ceist maidir leis an áit a bhfuil sé i gceist rochtain Bhóthar Ceangail Theas amach anseo le heastát Rosán Glas ó Bhóthar a lonnú chomh maith leis na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith aige ar shiopa grósaera na comharsanachta: S_004, S_011, S_029, S_031, S_043, S_044, S_051, S_056, S_057, S_060 agus S_065.

Freagra

- 4.6.2 Cuirfidh Bóthar Ceangail an N59 ceangal riachtanach ar fáil ón bhforbairt bóthair atá beartaithe le hiarthar na cathrach, lena n-áirítear pobal Rathúin, ach coinníodh scartha amach ó eastáit atá ann cheana ionas nach cuirfeadh le trácht i gceantair chónaithe amháin Rosán Glas, a leanfaidh Bóthar Dhiarmada ar aghaidh ag freastal air. Mar a shonraigh Eileen McCarthy ina ráiteas fianaise, ní bheidh aon athrú ar an rochtain seo ag Bóthar Rathúin. Mar a shonraigh Eileen McCarthy chomh maith ina ráiteas fianaise, cé go mbeidh an bealach isteach thuaidh go Rosán Glas ag bogadh níos faide ó thuaidh, beidh sé fós ag freastal ar riachtanais iompair agus rochtana an eastáit. Ba chóir go mbeadh níos lú ná 60 soicind sa bhreis de dhíth chun teacht ar an bpointe rochtana leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe agus an turas féin faoi bhun 250m ar fad (féach Caibidil 6 den TMTT).
- 4.6.3 Tá raon rothar agus cosán san áireamh sa dearadh feadh dhá thaobh Bhóthar Ceangail an N59 in aice le Bóthar Dhiarmada chomh fada le Bóthar Rathúin, áit a imeoidh líon mór den trácht. Soláthrófar ceangal coisithe ó ghréasán bóithre inmheánach eastát Rosán Glas go dtí Bóthar Rathúin san áit a bhfuil Acomhal

Rathúin ann faoi láthair ionas nach mbeidh tionchar ag athlonnú na mbealaí isteach do thrácht chónaithe ar an mianlíne do choisithe. Tá na háiseanna atá le soláthar do choisithe agus do rothaithe le feiceáil i bhFíor 1.10.12 d'Fhoscríbhinn A.1.13 de IFB don cheantar seo agus déantar cur síos ar an rochtain nua seo do choisithe i ráiteas fianaise Eileen McCarthy. Ní bheidh aon tionchar suntasach aige seo ar an siopa grósaera toisc gur ar eastát Rosán Glas is mó a fhreastalaíonn sé.

Gort na Bró

Saincheist

- 4.6.4 Ardaítear i 3 aighneacht/agóid ceist maidir le socrúithe rochtana do Ghort na Bró agus maidir le háiseanna do choisithe agus do rothaithe san áit seo: Ob_473, S_003 agus S_075.

Freagra

- 4.6.5 Maidir leis na háiseanna atá le soláthar do choisithe agus do rothaithe, mar a léirítear i bhFíor 1.10.12 d'Fhoscríbhinn A.1.13 de IFB don cheantar seo iad, beifear fós in ann trasnú go sábháilte chun teacht ar Ghaelscoil Mhic Amhlaigh agus ar áiseanna pobail eile amhail páirc sacair Lána an Mhuilleora. Coinneofar na trasrianta coisithe atá ann cheana ar Bhóthar Ceangail Ghort na Bró agus cuirfear bonneagair rothaíochta idir acomhal Ghort na Bró agus an Ghaelscoil. Áiríodh an tiomantas seo i Sceideal na dTiomantas Comhshaoil.

4.7 Tionchar ar réadmhaoin tráchtála

Saincheist

- 4.7.1 Ardaítear saincheist i 13 aighneacht/agóid maidir leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar a ngnó:
- 4.7.2 Ob_298 – Tá gnó tithe saoire ag an té seo agus tá sé buartha faoin tionchar le linn na tógála agus an oibriúcháin.
- 4.7.3 Ob_528_541_543_557 – Ardaíonn OÉ, Gaillimh ceist maidir leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige seo ar a straitéis ollscoile agus ar mhic léinn agus infheistíocht a earcú agus a choinneáil.
- 4.7.4 Ob_602.1, Ob_602.2 – Beidh tionchar aige seo ar Clada Group sa mhéid is go gcaillfidh sé ceann dá thobair.
- 4.7.5 Ob_668 – D'ardaigh Kenny Motor Group ceist maidir leis an gcaoi a bhféadfaí cur isteach ar an ngnó le linn na céime tógála agus maidir le tionchar tráchtála agus an gá atá le comharthaíocht. Rinne an comhlacht aighneacht maidir le rochtain, infheictheacht agus ionad taispeántais an chomhlachta díoltóireachta carranna.
- 4.7.6 Ob_673 – Tá gnó McMahon's le ceannach go hiomlán. Tugtar aghaidh air seo i Ráiteas Fianaise Eileen McCarthy.

- 4.7.7 Ob_691 – D’ardaigh Ráschúrsa na Gaillimhe ceist maidir leis na hoibreacha tógála agus an tionchar a bheadh acu ar a bhféile rásaíochta.
- 4.7.8 Ob__0_696.13_14 – Cheistigh Bio-Medical Research cé mhéad a chuirfí isteach ar an ngnó le linn tógála.
- 4.7.9 Ob__0_696.21 – Cheistigh M&M Qualtech an tionchar a bheadh ag tógáil agus oibriúchán na forbartha bóthair atá beartaithe ar an ngnó. Tugann Juli Crowley agus Jennifer Harmon aghaidh ina Ráiteas Fianaise ar an tionchar a d’fhéadfadh a bheith ag gníomhaíochtaí tógála, amhail pléascadh, ar fheidhmiú an chomhlachta déantúsaíochta seo.
- 4.7.10 Ob_695.1, Ob_695.2 – D’ardaigh Boston Scientific ceist maidir le hailíniú Bhóthar Ceangail na Páirce Móire atá beartaithe agus an tionchar a bheadh aige ar a gcampas agus ar na pleananna forbartha atá acu ina máistirphlean. Tugann Eileen McCarthy aghaidh air seo ina Ráiteas Fianaise.
- 4.7.11 Ob_708_709 – Tá aonaid tionsclaíoch na réadmhaoine seo le ceannach go hiomlán. Tugann Eileen McCarthy aghaidh air seo ina Ráiteas Fianaise.
- 4.7.12 Ob_713– Tá an réadmhaoín atá ar cíós ag soláthróir tógálaithe le ceannach go hiomlán. Tugtar aghaidh air seo i Ráiteas Fianaise Eileen McCarthy.
- 4.7.13 Ob_717_720_721 – Teastaíonn gealltanas ó The Connolly Group go soláthrófar na tiomantais atá beartaithe d’fhonn toilleadh oibriúcháin a ngnó a chosaint.
- 4.7.14 Téann Eileen McCarthy i ngleic leis an tionchar a bheidh ar ghnólachtaí ó thaobh sócmhainní ábhartha de ina Ráiteas Fianaise fad is a dhéanfaidh mé féin an tionchar socheacnamaíoch a mheas.

Freagra

Ob_298 Gnó tithe saoire

- 4.7.15 Aithnítear go mbeidh míchaoithiúlacht éigin ann le linn tógála. Beidh rochtain níos fearr ar an réadmhaoín seo, áfach, le linn na céime oibríochtúla, agus rochtain ar Bhóthar Leitrí agus ar an réadmhaoín seo ó Acomhal Leitrí an N59 trí Bhóthar Ceangail Theas an N59. Mar sin, ní bheidh aon drochthionchar ar an ngnó seo le linn oibriúcháin.
- 4.7.16 ***Ob_528_541_543_557 OÉ, Gaillimh***
- Cé go mbeidh iarmhairt iarmharach ar Champas Spóirt OÉ, Gaillimh mar a pléadh in Alt 4.3 thuas de bharr an tarbhealaigh, coinneoidh OÉ, Gaillimh na háiseanna ardchaighdeáin spóirt atá aici. Beidh rochtain níos éasca ag rannpháirtithe agus clubanna lonnaithe i nGaillimh ar na háiseanna agus ag cuairteoirí freisin agus mar sin leanfaidh sé ar aghaidh ag mealladh ball foirne, mac léinn agus infheistíochta.

Ob_602_698_699_704.1 agus Ob_602.2_698_699_704 Clada Group

- 4.7.17 Aithnítear go mbeidh tionchar suntasach ar an ngnó de bharr an tionchar a bheidh ar sholáthar uisce ó thobar a theastaíonn ó chuid amháin den ghnó. Tugann an Dochtúir Leslie Brown aghaidh ar chailliúint an tobair seo ina Ráiteas Fianaise, a mhíníonn go n-íocfar cúiteamh mar chuid den phróiseas cúitimh reachtúil as cailliúint an tobair seo, a thabharfaidh deis do Clada Group Ltd teacht ar sholáthar uisce eile lasmuigh den láthair a mbainfidh cainníocht agus caighdeán den chineál céanna leis. Ba chóir a thabhairt faoi deara, áfach, go bhfeabhsófar rochtain ar an ngnó go mór agus pointe nua rochtana ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe ann ó Acomhal Bhóthar Áth Cinn an N84. Baineann dea-thionchar suntasach leis seo ó tharlaíonn an gnó a bheith bainteach le dáileadh mórdhíola agus táirgí.

Ob_668 Kenny Motor Group

- 4.7.18 Soláthrófar comharthaíocht tráchta san áit a bhfuil an comhlacht díoltóireachta carranna le linn tógála ionas go mbeifear in ann freastal ar fheiceálacht an ghnó agus ar rochtain ar an ngnó agus an dá rud sin a choinneáil (féach Tábla 18.14). Tugann Jennifer Harmon agus Sinéad Whyte aghaidh ar cheisteanna maidir le hiarmhairtí torainn agus dusta faoi seach le linn chéim oibríochtúil na forbartha bóthair atá beartaithe ina Ráitis Fianaise. Le linn chéim oibríochtúil na forbartha bóthair atá beartaithe, beidh rochtain níos fearr ann ó Nasc Pháirc Ghnó na Cathrach Thuaidh. Tá an gnó lonnaithe i bhfoirgneamh feiceálach agus beidh sé go fóill infheicthe ón uasbhealach don fhorbairt bóthair atá beartaithe agus ó Bhóthar Thuama an N83. Soláthróidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe faoiseamh ón mbrú tráchta a bhíonn san áit a bhfreastalaítear ar rochtain custaiméirí faoi láthair fad is a chuirfidh Bóthair Cheangail na Páirce Móire agus na Páirce Gnó rochtain agus bealaí oiriúnacha ar fáil do thurais thrialacha le feithiclí.

Ob_691 Ráschúrsa na Gaillimhe

- 4.7.19 Tá tollán ‘gearr agus clúdaigh’ 230m le soláthar d’fhonn iarmhairtí oibríochtúla ar Ráschúrsa na Gaillimhe a sheachaint. Aontaíodh ar chlár oibreacha tógála leis an ráschúrsa agus tá sé san áireamh i bhFoscúbhinn A.7.4 de TMTT (féach freisin Alt 18.5.3.2 i gCaibidil 18 den TMTT). I ndiaidh babhtáí comhairliúcháin leis an ráschúrsa, aontaíodh freisin go stopfaí oibreacha tógála le linn sceideal rásaíochta an tsamhraidh/an fhómhair d’fhonn a sheachaint go gcuirfí isteach ar rannpháirtithe agus lucht féachana imeachtaí rásaíochta. Níl aon mholtaí ann chun an fhéile rásaíochta samhraidh a chur ar ceal. Mar chuid den tollán atá beartaithe, beidh gá le talamh a cheannach agus stáblaí a leagan, ach cuirfear stáblaí sealadacha ina n-áit seo le linn tógála go dtí go soláthrófar na stáblaí buana. Beidh na stáblaí sealadacha agus buana araon ar chomhchaighdeán ar a laghad leis na stáblaí atá ann faoi láthair.
- 4.7.20 Nuair a chuirfear an fhorbairt bóthair atá beartaithe i gcrích, fágfaidh an tollán nach mbeidh aon tionchar ag trácht ón bhforbairt bóthair atá beartaithe ar imeachtaí rásaíochta. Chomh maith leis sin, cé gur gné den spleáchas reatha atá ar rochtain ar na himeachtaí rásaíochta ón deisceart é dianbhrú tráchta, rud a théann i bhfeidhm orthu siúd a bhíonn ag freastal ar imeachtaí agus ar an bpobal níos

leithne araon, feabhsófar rochtain ar na himeachtaí seo agus ar imeachtaí eile go mór de bharr cheangal Bhóthar Ceangail na Páirce Móire atá beartaithe le Bóthar Thuama an N83. Táthar ag súil le hiarmhairt iarmharach a bheidh measartha dearfach. Pléann Michael Sadlier na hiarmhairtí do Ráschúrsa na Gaillimhe níos doimhne ina Ráiteas Fianaise.

Ob_695.1, Ob_695.2 Boston Scientific

- 4.7.21 Seachnaíonn an t-athrú ar Bhóthar Ceangail na Páirce Móire aon deighilt i gcás Champas Boston Scientific nó aon tionchar ar chur i bhfeidhm a mháistirphlean. Is féidir a bheith ag súil le hiarmhairt ghlan, dhearfach eacnamaíoch i gcás an naisc iompair dhírigh a sholáthrófar idir Páirceanna Gnó na Páirce Móire agus Bhaile an Bhriotaigh, agus idir Bóthar Thuama an N83 agus an fhorbairt bóthair atá beartaithe, mar aon le soláthar cosáin, raon rothaíochta agus bhealach iompair phoiblí.

Ob__0_696.12_14 Biomedical Research

- 4.7.22 Aithnítear go mbeidh míchaoithiúlacht éigin ann le linn tógála. Beidh rochtain níos fearr ar an ngnó seo, áfach, le linn na céime oibríochtúla trí Bhóthar Ceangail na Páirce Móire. Mar sin, ní bheidh aon iarmhairtí diúltacha ar an ngnó seo le linn oibriúcháin.

Ob_717_720_721 The Connolly

- 4.7.23 Aithnítear go mbeidh míchaoithiúlacht éigin ann le linn tógála. Is dlúthchuid den iarratas ar Fhaomhadh iad na tiomantais chomhshaoil mar a leagtar amach i gCaibidil 21, Sceideal na dTiomantas Comhshaoil, iad. Ní bheidh aon iarmhairtí diúltacha ar an ngnó seo mar thoradh ar oibriúchán na forbartha bóthair atá beartaithe.

4.8 Tionchar Féideartha ar Luach Réadmhaoine

Saincheisteanna

- 4.8.1 Ardaítear i 36 aighneacht/agóid ceist maidir leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige seo ar luach a réadmhaoine agus iad ag rá go ndéanfaidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe a réadmhaoine a dhíluacháil: Ob_119; Ob_134; Ob_136; Ob_141.2; Ob_141.3; Ob_151; Ob_152; Ob_155; Ob_158; Ob_199; Ob_201; Ob_204; Ob_215; Ob_216; Ob_252; Ob_260; Ob_298; Ob_476_719; Ob_521.3; Ob_531.2; Ob_663.02; Ob_666.1; Ob_671; Ob_688; Ob_O_517.05; Ob_O_666.2; Ob_531.01; S_008; S_037; S_055; S_061; S_063; S_066; S_035; S_036; agus S_040.

Freagra

- 4.8.2 Is deacair tionchar aon fhorbartha bonneagraí ar luach réadmhaoine a mheas de bharr an réimse leathan tosca a shocraíonn praghas réadmhaoine aonair.

I dtaca le scéimeanna bóthair, is féidir leo seo dea-thionchar a bheith acu ar phraghsanna réadmhaoine nuair a fheabhsaíonn an scéim cúrsaí inrochtaineachta.

Mar shampla, leis an M17/M18, oscailt an mhótarbhealaigh, a nascann Tuaim, Cora Finne agus an Gort, ó thuaidh agus ó dheas araon, bhí dea-thionchar aige ar phraghsanna réadmhaoine sa dobharcheantar. Tugtar faoi deara, i dtaca leis sin, go bhfuil dul chun cinn ar inrochtaineacht agus dá bharr sin, tréimhsí turais níos fearr ar féidir brath orthu, ar thús cadhnaíochta ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe. Cuirtear anailís ar inrochtaineacht ar bhonn saincheantar ar shaincheantar ar fáil i bPlátaí 18.4 go 18.6 i gCaibidil 18 den TMTT. Léiríonn an anailís seo go bhfuil laghdú ar thréimhsí turais sa charr i gceist d'fhormhór na saincheantar, seachas líon beag saincheantar atá lonnaithe go príomha i lár na cathrach; beidh tréimhsí turais ar rothar níos giorra ann sna saincheantair ar fad; agus beidh tréimhsí turais ar iompar poiblí níos giorra ann i bhformhór na saincheantar. Is príomhghné de SIG í an fhorbairt bóthair atá beartaithe agus fágfaidh a tógáil go mbeifear in ann leas a bhaint as a oiread buntáistí agus is féidir de chuid SIG, lena n-áirítear inrochtaineacht níos fearr. Is féidir a bheith ag súil leis, mar sin, go n-ardóidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe luach go leor réadmhaoine.

- 4.8.3 Is féidir le scéim bhóthair drochthionchar a bheith aici ar phraghsanna réadmhaoine nuair a bhíonn cailliúint taitneamhachta ag baint léi, bíodh sin le linn na gcéimeanna tógála nó oibriúcháin. Mar a mhínítear i TMTT, cuireadh bearta maolaithe i bhfeidhm chun tionchar na forbartha bóthair atá beartaithe ar thaitneamhacht na réadmhaoine in aice láimhe a íoslaghdú, le linn na gcéimeanna tógála agus oibriúcháin araon. Dá réir sin, ní bheidh aon tionchar suntasach ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar luach fhormhór na réadmhaoine sa dúiche thart uirthi, cé go mbeidh drochthionchar aici ar luach roinnt réadmhaoine atá lonnaithe díreach in láimhe.

5 Conclúid

- 5.1 Togra ollmhór is ea an fhorbairt bóthair atá beartaithe. Beidh dea-thionchar suntasach aici ar Chathair na Gaillimhe de bharr go n-aistreofar roinnt tráchta ó cheantair uirbeacha agus de bharr na deise a chuireann sí ar fáil le háiseanna do choisithe agus do rothaithe agus leis an iompar poiblí a fheabhsú. Ar an lámh eile, beidh drochthionchar aici ar roinnt suíomhanna eile de bharr, ar an drochuair, an mhéid réadmhaoine a bheidh le leagan agus le ceannach. Beidh tionchar aige seo ar an bpobal níos leithne freisin le linn tógála agus ar feadh tamaill ina dhiaidh de réir mar a fhorbraíonn pobail i ndiaidh chur i gcrích na forbartha bóthair atá beartaithe. Beidh tionchar ag na hoibreacha tógála ar thaitneamhacht chónaithe réadmhaoine atá gar don fhorbairt agus ar roinnt gnólachtaí. Déanfar an tionchar seo a mhaolú le bearta maolaithe torainn agus amhairc. Rinneadh deighilt fhisiceach le linn tógála agus oibriúcháin araon a íoslaghdú a oiread agus ab fhéidir.
- 5.2 Le linn oibriúcháin, is dea-thionchar suntasach nó dea-thionchar thar a bheith suntasach a bheidh ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar ghluaiseacht tráchta agus ar phatrúin turais den chuid is mó, lena n-áirítear ceangal níos fearr. Tabharfaidh aistriú carranna agus feithiclí earraí troma ó shuíomhanna uirbeacha faoiseamh do mhinicíocht brú tráchta agus cuirfidh sé taitneamhacht turais agus

timpeallachta níos fearr ar fáil do choisithe, rothaithe agus tiománaithe. De bharr aistriú na tráchta seo, beidh deiseanna ann a fhágfaidh go mbeifear in ann leas a bhaint as buntáistí uile Straitéis Iompair na Gaillimhe, ach iompar poiblí níos fearr a chur ar fáil chomh maith le háiseanna níos fearr do choisithe agus do rothaithe, amhail trasrianta, cosáin agus raonta rothaíochta. Gheobhaidh na torthaí seo réidh leis an srian dáiríre atá ar fhorbairt eacnamaíoch na cathrach de bharr trácht as cuimse, brú tráchta agus drochthaitneamhacht timpeallachta, agus cabhróidh siad le fás eacnamaíochta agus fostaíochta a bhaint amach. Chomh maith le limistéar na cathrach, bainfidh na buntáistí céanna le pobail cosúil le Bearna. Bainfidh buntáistí le hinrochtaineacht agus le forbairt fhéideartha áiteanna i dtreo iarthar na cathrach freisin, lena n-áirítear Réigiún an Iarthair agus an Ghaeltacht i gConamara.

- 5.3 Beidh drochthionchar i gceist freisin, mar a pléadh thuas, i gcás an líon ard réadmhaoine a cheannófar, an tionchar a bheidh ar roinnt gnóthaí, an tionchar a bheidh ar thaitneamhacht ghinearálta i roinnt áiteanna ina mbíonn trácht bhog faoi láthair, agus an tionchar a bheidh ar Champas Spóirt OÉ, Gaillimh agus ar an siúlbealach cois na habhann. Ardaíodh na ceisteanna seo in aighneachtaí agus in agóidí agus rinneadh machnamh cuí orthu sa mheasúnú maidir le Daoine.
- 5.4 Ar an iomlán, tar éis dúinn na haighneachtaí agus na hagóidí a chur san áireamh, tá conclúidí TMTT bailí i gcónaí, is é sin go mbeidh dea-thionchar suntasach ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar ghluaiseacht tráchta i nGaillimh, rud a mbainfidh buntáistí taitneamhachta agus eacnamaíochta leis agus a chuirfidh deiseanna ar fáil le feabhas a chur ar áiseanna do choisithe agus do rothaithe agus ar an iompar poiblí.